BANAGHER AND BOVEVAGH CHURCHES

Irish Translation

EAGLAISÍ BHEANNCHAIR AGUS BHOITH MHÉABHA

Contae Dhoire

BEANNCHAR

An Suíomh
Is iomaí luatheaglais a cuireadh ar bharr cnoic agus is ar bharr cnoic oighrigh atá Beannchar, baineadh cuid de don ghaineamh agus don ghairbhéal mar gheall ar chairéal. Téann an leibhéal siar ó thuaidh taobh le Gleann Abhann an Rí agus soir ó dheas agus ó dheas féin atá sléibhte an Mhachaire Mhóir agus Shliabh Speirín faoi fhad radhairc. Cé go bhfuil cuma iargúlta ar an suíomh, ba thábhachtach an áit í i luathghréasán slite, gar do shlite gleanna ó thuaidh agus ó dheas ar Abhann an Rí agus Abhainn Bheag agus ní raibh sé ach 2 mhíle ó mhórbhealach siar –soir trí Dhún Geimhin.

Stair
Ba le hionsaí a thosaíonn stair chláraithe bheannchair le hiontráil ar annála in 1121: ‘mharaigh a mhuintir féin Rí Chiannachta i lár reilig Bheannchair’. Ní feasach dúinn an raibh an eaglais sean-bhunaithe nó tógtha le gairid. De réir sheanchas na háite ba é cuid de bhunaíochtaí Naomh Pádraig é i gceantar abhann na Fochaine, agus ba léir gur shíl an saor cloiche a rinne an inscríbhinn ghreanta ar dhoras thiar sna 1730í -‘This church was built in ye year of God 474’ – gur bhunaigh Naomh Pádraig é.

De réir sheanchas na háite bhí baint ag Naomh Muireadhach Ó hÉanaigh lena bhunú chomh maith, ach níl sé le sonrú i bhfoinse luath ar bith agus níl taifead déanta ar dháta a fhéile go fiú. De dheasca easpa fianaise eile is féidir gur fearr dearcadh ar Bheannchar mar bhunaíocht 11ú nó go luath sa 12ú céad, b’fhéidir faoi phatrúntacht rithe cumhachtacha Mhic Lochlainn. De réir an traidisiúin lean Naomh Muireadhach carria chuig an suíomh ó eaglais eile, fothrach gan suntas i dTeampall na Maoile, 1⁄2 mhíle siar ó thuaidh, luathshuíomh eaglaise b’fhéidir.

Tá Bencarre le sonrú mar eaglais pharóiste i rolla cánach 1306 agus in 1397 roghnaíodh é mar chuid d’áiteanna Ardeaspaig Colton le linn a chuartaíochta ar dheoise Dhoire. Tá taifead ann de ina shuí roimh an ardaltóir ag éisteacht cásanna ansin, agus ba ó Bheannchar a thaistil sé go Dún Geimhín leis an reilig a athchoisreacan, truaillithe ag an ár. Níl sé díreach cinnte cá huair a chuaigh an eaglais i léig, ach bhí sé scriosta faoi 1622, nuair a rinneadh suirbhé ar eaglaisí, a tháinig chun cinn arís sa 19ú céad, nuair an mhaígh Easpag Reeves gurbh é a bhí ar cheann de na fothraigh eaglasta ba shuimiúla a bhí go fóill sa deoise. Thug Coimisinéirí Teampall na hEaglaise faoi Chúram Stáit é in 1880. Le linn na 1970í bhí an eaglais tochailte agus tharla clár iomlán caomhnaithe dó.

An tÁras

Díreach taobh amuigh de gheata na reilge tá an chuid íochtarach d'fhoirgneamh beag dronuilleach, agus ó radharcanna ón 19ú céad ba thúr 3 urlár é le fuinneoga cúnga air agus doras ag leibhéal an chéad urláir (ní hé an doras faoi láthair ar urlár na talún an doras bunaidh). Tugadh an tArás nó an Mhainistir air go traidisiúnta, agus creideadh gurb é sin an áit a nocht Naomh Muireadhach chuig daoine nó, scéal eile gan chraiceann, gur áitreabh atá ann. Ba chosúla an míniú gur teach daingean a bhí ann, cóiríocht shlán don reachtaire agus do shealúchais na heaglaise, ar aon dul le túir pele in Northumberland, ach níl fianaise shoiléir ann dá dháta. Taispeánann an líonaíocht thuas an chuma a bhí ar an Arás sa bhliain 1838.

An Eaglais

Is é corp na heaglaise an chuid is luaithe de, dronuilleann simplí 35½ faoi 20 troigh go hinmheánach a sheas leis féin gan saingeal. Tógadh le gaineamhchloch é, a luíonn le chéile go cúramach ach gur éagosúil é ón chloch chearnaithe gharbh den saingeal a cuireadh leis. Téann an cosán ó gheata na reilge chuig an doras Thiar, maol cothrománach ar an taobh amuigh, le hursanacha claonta, tá fráma teilgthe thart ar an oscailt a bhfuil múnlálacha faobhair oibrithe go cúramach ann. Ar an taobh istigh tá cúl an lindéir ollmhóir ris le háirse leathchiorclach thart air. Tá an chuma ghinearálta air go bhfuil sé ársa ach críochnaitheach ina dhéanamh, is féidir gur ón chéad leath den 12ú céad dáta an dorais, agus caithfidh gurb é sin dáta chorp na heaglaise iomláine. Níl ach dhá dhoras eile ann atá cosúil leis, ceann i Machaire Rátha 12 mhíle ar shiúl agus in Achadh Abhall i gContae Loch Garman.

Tá an fhuinneog bheag ó dheas cruinn, frámaithe go seachtrach trí shainmhúnláil mhaol (a bhfuil a mhacsamhail na gaobhair i nDún Geimhín), spréite go domhain go hinmheánach le sail chroctha. Léiríonn doras agus fuinneog roinnt cuas, cuid acu struchtúrach cuid eile ceangailte le ceangaltóirí, ach is mistéir go fóill é an fáth a raibh an teilgean ann ar an taobh istigh den doras. Bheadh fuinneog thoir ag corp na heaglaise ach nuair a cuireadh saingeal leis briseadh tríd an bhalla thoir agus cuireadh áirse shaingil sa bhearna. Tá buna na háirse ann ar fad.

Tá an saingeal 20 ¾ faoi 14 – 16 ¼ troigh agus bhí trí fhuinneog ann thoir, ó thuaidh agus ó dheas. Tá ursan amháin ann go fóill den fhuinneog ó thuaidh, tá clocha scaoilte den fhuinneog thoir agus den fhuinneog ó dheas slán, a bhfuil múnlálacha galánta rollála leanúnacha ina thimpeall ar an taobh amuigh agus ar an taobh istigh. Is saintréithe iad den ré idirthréimhseach idir ailtireacht Rómhánach agus Ghotach agus is féidir dáta idir 1210 – 1225 a chur ar fhuinneog Bheannchair ar a mhionsonraí. Tá cuasán blocáilte ar an taobh thiar den fhuinneog, frámaithe le múnlálacha comhchosúla agus is léir gur gné bunaidh den saingeal é, seidíl gan amhras, cathaoir don sagart i gceannas. Ar an taobh amuigh tá uillinneacha thoir an tsaingil maisithe le seaftanna ceangailte a bhfuil caipitil shnoite ann, síonchaite go dona ach a bhfuil maisiúchán lusanna agus ainmhithe ann ar aon dul le dáta go luath sa 13ú céad.

Ba mhar gheall ar athmhúnlú an taoibh thoir den saingeal a bhlocáladh an seidíl sa 15ú céad, nach raibh le sonrú i bhfoinsí i scríbhinn ach a tháinig chun solais trí thochailt sna 1970í. Léirítear na gnéithe ar ár bplean ach tá siad clúdaithe de thairbhe go bhfuil a ghaineamhchloch as cuimse bog agus brusach agus nach mairfidh sé nochtadh fada. Bhí seomra beag cúng ann a bhí roinnte ag an taobh Thoir ina shacraistí, mar gheall ar ghadaíocht agus le trealamh seirbhíse a stóráil. Sheas an altóir os cionn bhalla an tsacraistí agus an doras leis an sacraistí ar an taobh ó dheas. Ar chúl na haltóra, oscailte don sacraistí bhí cuasán ann d'iarsmaí (de chuid Naomh Muireadhach?) agus tá cófra ann, sofheicthe go fóill, sa bhalla Thoir. Is beag eolas ailtireachta atá againn ar shocruithe liotúirgeacha mall-mheánaoiseacha in eaglaisí paróiste agus is luachmhar an fhianaise seo leis an scéal a dhéanamh níos iomláine. Taobh amuigh den eaglais, go háirithe ó dheas agus siar, tabhair faoi deara doimhneacht mhór créafóige ó tógadh é, mar gheall ar ghlúnta adhlacthaí go háirithe.

Gnéithe Eile
Istigh agus thart ar an reilig tá leachtanna agus leacacha snoite go mín, tá crois bheag soir ón eaglais agus an dara ceann trasna an bhóthair siar ó thuaidh ar theorainn an bhaile fearthainne. Go traidisiúnta dhá chrois de chúigear a bhíodh ann a léirigh teorainneacha thalamh na heaglaise. D'fhéadfaí imeall talamh tearmainn a léiriú, ina bhféadfaí tearmann a iarraidh. Taobh amuigh de bhalla na reilge, soir ó thuaidh ón eaglais tá cloch mhór le cuas domhan ann líonta le huisce de ghnáth. Is ballán é (amhail an ceann i nDún Geimhín), a bhfuil cuas curtha ann trí úsáid fhada mar mhoirtéar chun bia nó fodar a ghreadadh.

Tithe na Marbh
Tá struchtúr beag ann soir ó dheas ón eaglais ina bhfuil nó a gcumhdaíonn adhlacthaí Bheannchair is mó clú – Naomh Muireadhach Ó hÉanaigh (léaráid clúdaigh). Is ionann an dáta dó agus an saingeal agus d'fhéadfaí gur tógadh é chun corpáin a fháil a cuireadh as a n-áit mar gheall ar an saingeal bheith curtha leis. Tá an chuma ar an struchtúr gur mioneaglais nó mionteach atá ann, déanta as cloch feistithe go cúramach, le painéal frámaithe ar an bhinne thiar a léiríonn cléireach atá damáiste ach is féidir go bhfuil bachall aige agus lámh in airde le beannacht a thabhairt. Ba luachmhar an tsocmhainn iarsma naoimh don eaglais, a mheall oilithrigh agus ioncam, agus tá tábhacht le iarsmaí Bheannchair i dtraidisiún 'ghaineamh Bheannchair' atá beo go fóill. Síleadh i gcónaí gur shiúil dea-fhortún le gaineamh as faoin tuama do mhuintir Uí Éanaigh; choinnigh an teaghlach stóras gainimh sa teach sa 19ú céad. Tá luach leis go fiú i saol marcaíocht capall!

Is é 'teach Bheannchair' is sofaisticiúla de ghrúpa beag thithe na marbh, idir an Dún agus Dún na nGall. Tá an eiseamláir ag BOITH MHÉABHA suite go suntasach, taobh le coirnéal siar ó dheas den eaglais. Agus í níos scriosta ná 'teach' Bheannchair, tá na socruithe inmheánacha níos soiléire. Ag an taobh thoir tá bealach isteach ó pholl láimhe chuig ceann cuasáin atá i gcruth coirp, atá oscailte anois mar gheall ar bhriseadh ach a bhí druidte go hiomlán ach amháin don pholl láimhe. Ba chleachtas coitianta é sa luatheaglais rochtain ar iarsmaí a fhágáil oscailte le go mbeadh daoine in ann tairbhe a bhaint as teagmháil dhíreach nó neamhdhíreach trí phíosaí éadaí a chuimilt leis na hiarsmaí. Is ballóga 'teach' Bhoith Mhéabha a raibh díon le leacacha cloiche ann agus níl gnéithe a dtig dáta beacht a chur leis ach is féidir dáta ón 12ú céad a lua leis.

BOITH MHÉABHA
Tá Boith Mhéabha suite ar cheann tíre daingean os cionn Bhoith Mhéabha, sruthán de chuid an Ró, faoi fhad radhairc de shléibhte na Binne Bradaí agus Craiggore agus 10 míle ó thuaidh ó Bheannchar agus 6 mhíle ó thuaidh ó Dhún Geimhín. Tagann an t-ainm ó Bhoth Mhéabha, teach nó eaglais Mhéabha. Ba gheall gur suíomh mainistreach luath, tá an chéad tagairt ann in 1100 nuair a dódh an eaglais adhmaid (dertech). Ní cinnte a phátrún go fiú: go háitiúil bhí baint aici le Naomh Ringan nach fios cé hé, ach bhí nasc ann le Pádraig, Colmcille, Adhnamhnán agus Aodhán mac Fhionntáin. In aimsir na meánaoiseanna b'eaglais paróiste é, a scriosadh faoi 1622, a

athchóiríodh é agus is féidir go baineadh feidhm aisti go dtí go luath sa 19ú céad nuair a bogadh chuig suíomh níos áisiúla soir.

Is é teach na marbh an gné is luaithe, mar atá léirithe anseo agus cuireadh síos air cheana. Is creatlach dhronuillinn an eaglais a bhfuil bearnaí ann do na fuinneoga, agus níl na múnlálacha ann agus sonraí eile ina dtig dáta a lua leis na foirgnimh. Is léir a úsáid fhada sna hábhair a athraíodh agus a cóiríodh go minic: d'fhéadfaí dáta chomh luath leis an 13ú céad a lua le hiarsma na fuinneoige thoir agus na fuinneoige thiar chomh mall leis an 18ú céad. Is é atá mar chuid de ghnéithe an bhalla thiar péire cófraí beaga, ar gach taobh den áit a raibh an altóir tráth, agus an bunús marcáilte seachtarach de lagú na mballaí, a thugann seasmhacht, go háirithe san áit bhfuil an leibhéal is géire chun an uisce.

Léitheoireacht bhreise D. M. Waterman in Ulster J. Archaeol. 23 (1960) ar thithe na marbh agus ar Bheannchar in Ulster J. Archaeol. 39 (1976).

Eaglaisí Eile faoi Chúram Stáit i gContae Dhoire is ea Dún Geimhín agus Machaire rátha. Tá tithe eile na marbh ann ag Sabhall, Contae an Dúin, Tamhlacht Ard, Contae Dhoire agus Magh Bhile, Contae Dhún na nGall.

Rochtain ar Bheannchar ag tag greille. C6750666 is furasta teacht air ón bhóthar ó thuaidh nó ón bhóthar siar ó dheas; Tagtar ar Bhoith Mhéabha ag tag greille. C667141 trí thiontú siar ón B192 bóthar (Léim an Mhadaidh-Dún Geimhín). Is furasta é a dhéanamh agus cuairt a thabhairt ar Phrióireacht Dhún Geimhín ag C692083.